C/2025/1269

21.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11780 — INGREDION / AGRANA / AGFD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1269)

1. An 14 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ingredion Germany GmbH ('Ingredion', an Ghearmáin),

— AGRANA Stärke GmbH ('AGRANA', an Ostair).

Gheobhaidh Ingredion agus AGRANA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar AGFD Tandarei s.r.l. ('AGFD', an Rómáin).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda réiteach comhábhar é Ingredion a tháirgeann stáirsí, milsitheoirí agus comhábhair eile as amhábhair in-athnuaite amhail grán buí, taipióca, an planda duilleoige milse, agus eile,

— Is próiseálaí domhanda amhábhar talmhaíochta é AGRANA den chuid is mó, agus tá sé struchtúrtha i dtrí rannán oibríochtúla: siúcra, stáirse, agus torthaí.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó ghnóthas AGFD:

Saoráid táirgthe stáirse gráin bhuí a oibriú sa Rómáin a mhonaraíonn stáirsí faoi láthair as grán buí a bhfuil cion rialta aimileoise agus cion ard aimileoise aige chomh maith le táirgí neamhstáirse agus, tar éis uasghrádú a dhéanamh ar an tsaoráid táirgthe le haghaidh AGFD, a tháirgeann táirgí stáirse níos forbartha freisin, go háirithe táirgí modhnaithe stáirse gráin bhuí chéaraí agus a bhfuil cion ard aimiolóise aige, ar táirgí iad uile atá le díol san Eoraip.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an -idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11780 — INGREDION / AGRANA / AGFD

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË